Réamhrá: Sraith ceachtanna bunaithe ar an aimsir

Go minic is fiú do scoileanna sraith ceachtanna, bunaithe ar théama, ina bhfuil cluichí, dán agus scéal, a dhéanamh thar thréimhse ama. Tá nasc láidir idir an téama *An Aimsir* agus **Rith**, mar gur i gcomhthéacs na hÉireann agus na hEorpa a chuirtear an aimsir i láthair go hiondúil, agus beidh na daltaí ag féachaint ar léarscáil na hÉireann agus ag foghlaim faoi na cúigí agus na contaetha éagsúla, agus iad ag plé Rith 2012. Bíonn tionchar mór ag an aimsir freisin ar ghníomhaíochtaí taobh amuigh, agus má tá an scoil chun páirt a ghlacadh i Rith 2012 beidh na daltaí ag súil le dea-aimsir ar an lá mór.

Téama: An Aimsir

Ranganna: Tá na gníomhaíochtaí seo ceaptha do ranganna 3-6 i scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán (scoileanna T2) ach is féidir iad a úsáid i scoileanna T1 freisin ach dúshlán breise a chur leo.

Cuspóirí

Go mbeidh na páistí in ann:

- labhairt faoin aimsir (tuairisciú),
- ceisteanna a chur agus freagraí a thabhairt;
- cur síos a dhéanamh ar cén saghas lá atá ann.

Eiseamláirí teanga agus scileanna

- *Cén sórt lá é?*
- *An bhfuil sé te/fuar/grianmhar/tirim/fliuch/scamallach/gaofar/ag cur báistí/ag cur fearthainne/ag cur seaca/ag cur sneachta? Tá/Níl*
- *Inniu tá an ghrian ag taitneamh ach tá sé fuar/te srl*
- *Amárach **beidh sé …..***
- *Inné **bhí sé….***

Le go mbeidh fás agus forbairt ar chumas teanga na páistí ba cheart eiseamláirí níos casta a thabhairt m.sh.

- *Bhí tintreach le feiceáil agus toirneach le cloisteáil aréir.*
- *Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch.*
- *Bhí sé ag stealladh báistí.*
- *Bhí an ghaoth ag búiríl.*

Ag teastáil

- Pacáiste Rith 2012
  - Bileoga Oibre 1-3 > Aonad 3b: An Aimsir
  - Póstaer: (1)Cúrsa Rith 2012; (2) Teangacha san Aontas Eorpach
  - PowerPoint > Luaschártaí agus Fráschártaí aimsire
  - PowerPoint > Grianghraif Rith 2010
- Rochtain ar an idirlíon: www.rte.ie nó www.tg4.ie.

Cur chuige:

Modhanna/straitéisí/gníomhaíochtaí foghlama chun na cuspóirí a bhaint amach. Ba chóir don mhúinteoir iad seo a chur in oiriúint do chumas, aois agus leibhéal na bpáistí ina rang féin.

Tá neart ábhar anseo i gcomhair cúpla ceacht. Is féidir leis an múinteoir gníomhaíochtaí ó na trí thréimhse éagsúla a roghnú i gcomhair gach ceachta, nó díriú ar dhá thréimhse faoi leith in aon cheacht amháin.

1. An tréimhse réamhchumarsáide

An foclóir agus na struchtúir nua a mhúineadh

- Na h-eiseamláirí teanga thuas a mhúineadh ag baint úsáide as pictiúir. Féach **PowerPoint: Luaschártaí agus Fráschártaí Aimsire**.
- An foclóir nua a thaispeáint do na páistí ar phictiúir agus i scríbhinn.
- An focail scríofa agus pictiúir a mheaitseáil – ar an gclár bán.
- Ceisteanna a chur: *An bhfuil sé ag stealladh baistí?*

Cleachtadh ar na briathra – druil mhalartúcháin

- Tugann an múinteoir neart samplaí de na briathra *tá, bhí* agus *bheidh* in úsáid i bhfrásaí aimsire. *M.sh. Inné bhí sé scamallach. Ar an Satharn bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch. Beidh stoirm ann ag an deireadh seachtaine*.
- Taispeánann an múinteoir pictiúr/siombail aimsire agus tugann sé lá/dáta ó bhéal don rang. *M.sh. Pictiúr de ceo – Amárach.*
- Bíonn ar na páistí an frása a chur in oiriúint don lá/am ceart. Is féidir leis an múinteoir cabhrú leis na freagraí ar dtús más gá, ach de réir a chéile bíonn páistí aonair ag freagairt, agus ag cur na gceisteanna.

Réamhchumarsáid don dán Stoirm sneachta

- Féach téacs an dáin ar **Bhileog 3**. Sula taispeántar an dán, múin na frásaí agus na focail trí mheán míme. *M.sh. ag sleamhnú, fuacht, imní, teas.* Bain úsáid as frásaí iomlána seachas focail aonair nuair is féidir.
- Déanann an múinteoir an gheáitsíocht ar dtús, agus ansin na páistí mar ghrúpa. Ansin iarratar ar pháistí aonair frásaí a rá agus mím/geáitsíocht a chur leis.

2. An tréimhse chumarsáide

An foclóir agus na struchtúir nua a chleachtadh agus a úsáid.

Cluiche Cuimhne.

- Cuirtear pictiúir nó frásaí ar taispeáint (ar chlár fógraí /bán). Is féidir na **Luaschártaí Aimsire** a chur i gcló, nó pictiúir agus frásaí aimsire eile a úsáid.
- Teanga an mhúinteora: *Féach orthu seo, cén saghas aimsire atá ann?/An bhfuil sé ag cur sneachta?* Freagraíonn na páistí.

- Dúnann na páistí a súile. Clúdaíonn an múinteoir na pictiúir nó na frásaí, agus déanann na páistí iarracht an oiread agus is féidir leo de na frásaí a aithris.
- Is féidir leis na páistí imirt i ngrúpaí, ag iarraidh cuimhneamh ar na frásaí go léir. Tógann na páistí sealanna chun na frásaí a rá – níl cead aon fhrása atá ráite cheana a rá arís.

Inis dom faoin aimsir inné?

- Spreagtar na páistí chun cur síos ar an aimsir a bhí ann inné/an Satharn seo caite srl, ag baint úsáide as na struchtúr agus an foclóir nua: m.sh. Inné bhí sé ag cur fearthainne.
- Spreagtar iad chun cur leis an abairt más féidir, m.sh.: Inné bhi sé scamallach agus ag cur fearthainne.

Cluiche Kim

- Cuirtear pictiúir nó frásaí ar taispeáint (ar chlár fógraí /bán). Is féidir na **Luaschártaí Aimsire** a chur i gcló, nó pictiúir agus frásaí aimsire eile a úsáid.
- Iarann an múinteoir ar na páistí na súile a dhúnadh, nó féachaint amach an fhuinneog.
- Tógann an múinteoir frása ón gclár dubh. Céard a thóg mé?
- Freagraíonn na páistí – ag déanamh aithrise ar na frásaí.

Tasc: Obair Bheirte - Rólimirt

- Cuir **Bileog 1** i gcló agus tabhair leath do gach páiste.
- Cuir na rólchártaí i **Bileog 1** ar taispeáint ar an gclár bán, agus déan an dráma le páiste amháin os comhair an ranga ar dtús mar eiseamláir.
- Cuir na páistí ag obair i mbeirteanna. An chéad uair ba cheart dóibh an dráma a dhéanamh mar tá leagtha amach ar an gcárta.
- Ansin spreag na páistí chun an dráma a athrú, agus a gcuid smaointe féin a chur isteach.
- Féach ar an **bPóstaer Cúrsa Rith 2012**, agus roghnaigh dhá bhaile nua le cur sa dráma.
- Mínigh do na páistí gur féidir leo na focail i gcló trom ar cártaí a athrú chun a gcuid drámaí féin a chumadh, is iad sin an suíomh, an cineál aimsire atá ann, agus an drochscéal/deascéal é.

Dán: Stoirm Sneachta

- Bíodh na frásaí múinte roimh ré (féach an tréimhse réamhchumarsáide).
- **Éisteacht**: Cuir ceist réamhéisteachta ar na páistí. Abair an dán – éisteann na páistí agus freagraíonn siad an cheist. Is féidir é seo a dhéanamh cúpla uair, agus ceisteanna éagsúla gach uair – ag tosú le ceisteanna ginearálta agus ag díriú ar mhionsonraí de réir a chéile. : m.sh. (1) *Éistigí agus faighigí amach cén cineál aimsire atá sa dán seo? (2)Éistigí arís le fáil amach cad a bhí ar na fuinneoga/cé a bhí ag sleamhnú/cá raibh na daoine ag brostú.*
- Iarr ar na páistí teideal a mholadh don dán.
- Cuir téacs an dán ar taispeáint. Roinn na páistí ina ngrúpaí agus iarr orthu an dán a chur i láthair. Tabhair am dóibh chun na focail a chleachtadh le chéile agus geáitsíocht a chur leis. Ansin lig do gach grúpa an dán a chur i láthair an ranga.

3. An tréimhse iarchumarsáide

An foclóir agus na struchtúir a úsáid i gcomhthéacs nua agus dul siar ar an teanga

Éisteacht leis an aimsir

- Má tá ceangal idirlíon agus clár bán idirghníomhach sa seomra, seinn giota den aimsir trí Ghaeilge don rang – féach ar www.rte.ie/player (ag deireadh na nuachta Gaeilge) nó www.tg4.ie (am aimsir láithreach beo ag amanna éagsúla sa lá).
- Ní gá dtuigfeadh na páistí gach focal den giota. Cabhróidh na siombailí go mór leo bunbhrí a bhaint as.
- Cuir ceisteanna réamhéisteachta ar dtús: *m.sh. Éistigí agus insígí dom ainmneacha trí áite a choiseann tú sa phíosa seo. Éist agus aon uair a chloiseann sibh ceann ar bith d na focail seo (báisteach, gaofar, amárach, inniu – bíodh na focail scríofa ar an gclár dubh) cuirigí bhúr lámha suas.*
- Pléigh an aimsir leis an rang ina dhiaidh. *Ar chuala siad focail a d'fhoghlaim siad sna ceachtanna? Cé na háiteanna a luadh sa tuairisc? Ar thuig siad na siombailí? Cén siombail a údáiseadh i gcomhair na gaoithe – lig do pháistí iad a tharraingt. An féidir leo an t-eolas a ath-insint ina bhfocail féin?*

Dráma aimsire

- Bain úsáid as an **Póstaer: Cúrsa Rith 2012**.
- Ligeann na páistí orthu go bhfuil siad ar an teilifís, cuireann siad réamhaisnéis na haimsire i láthair.
- Spreag na páistí chun cur síos a dhéanamh ar an aimsir a bhí ann inniu ar dtús, agus ansin a rá cén cineál aimsire a bheidh ann amárach/amach anseo.
- Tá gníomhaíochtaí in **Aonad 2, Tíreolaíocht** bunaithe ar chontaetha agus cúigí na hÉireann ach muna bhfuil ainmnithe na gcontaetha agus na gcúigí ar eolas ag na páistí is féidir leo cuid de na baile ar an léarscáil a lua.
- Dúshlán breise –bain úsáid as léarscáil na hEorpa sa phacáiste scoile agus déan amhlaidh leis. Tá níos mó féidearthachtaí anseo stór focal agus struchtúir níos leithne a úsáid.

Scríbhneoireacht

- Iarr ar na páistí a gcuntas aimsire féin a scríobh sna cóipleabhair.
  Inné sa Spáinn bhí sé …
  Inné in Éirinn bhí sé…
  Anocht beidh sé ….
  Amárach beidh sé ….
- Spreag na páistí chun tuairisc aimsire a scríobh i gcomhair nuachtáin – féach **Bileog 2**.
- Dear agus déan cairt aimsire i gcomhair na seachtaine.

Dán: Stoirm sneachta

- Cuir an dán de ghleanmheabhair.
- Déan iarracht véarsa nua chumadh, ag baint úsáide as na frásaí agus na focail a foghlaimíodh san aonad.

Moltaí scríbhneoireachta

Seo thíos liosta de mholtaí ginearálta scríbhneoireachta a d'fhéadfaí a úsáid le páistí ó rang a trí go rang a sé chun iad a chur ag scríobh faoi Rith 2012. D'fhéadfaí an t-ábhar sa phacáiste - na físeáin, na grianghraif, na póstaeir, na comórtais, srl – a úsáid mar spreagadh.

Ranganna 3 & 4	Ranganna 5 & 6
❖ liostaí focail a bhaineann le Rith 2012 – m.sh. gníomhaíochtaí, na bailte, contaetha na hÉireann, focail as an amhrán srl. ❖ nuacht shimplí faoi Rith 2012 ❖ dialann traenála a choimeád ❖ scríbhneoireacht fheidhmiúil: ○ nótaí teachtaireachta do thuismitheoirí faoi Rith ❖ puzail agus cluichí focal a chumadh bunaithe ar Rith, na bailte, an t-amhrán srl. ❖ fógraí a scríobh faoi Rith 2012 agus a chrochadh sa scoil agus sa cheantar ❖ bolgáin chainte i gcartúin á líonadh isteach – cartúin bunaithe ar Rith ❖ abairtí aonair agus cuntais níos faide a scríobh faoi ghrianghraif sa **PowerPoint: Grianghraif Rith 2010**. ❖ freagraí á scríobh ar cheisteanna ar ábhar na léitheoireachta ❖ scéal a scríobh faoi Rith 2012 – féach an **Comórtas Scríbhneoireachta** ❖ dán a chumadh – féach **Aonad 1 – Ceol**, agus an **Comórtas Cumadóireachta**.	❖ liostaí focail a bhaineann le Rith 2012 ❖ nuacht faoi Rith 2012 ❖ dialann traenála a choimeád ❖ scríbhneoireacht fheidhmiúil: ○ nótaí teachtaireachta do thuismitheoirí faoi Rith ○ treoracha – bunaithe ar chúrsa Rith 2012 (**Féach Aonad 2 – Tíreolaíocht**) ○ foirmeacha iarratais ❖ puzail agus cluichí focal a chumadh bunaithe ar Rith, na bailte, an t-amhrán srl ❖ fógraí a scríobh faoi Rith 2012 agus a chrochadh sa scoil agus sa cheantar ❖ suirbhéanna agus tuairiscí faoi úsáid agus labhairt na Gaeilge sa cheantar ❖ bolgáin chainte i gcartúin á líonadh isteach ❖ cuntas a scríobh faoi phictiúr – na pictiúr sa taispeántas **PowerPoint: Grianghraif Rith 2010** a úsáid mar spreagadh ❖ freagraí á scríobh ar cheisteanna ar ábhar na léitheoireachta– eolas a bhaint as an suíomh gréasáin www.rith.ie. ❖ scéal nó aiste a scríobh faoi Rith 2012 ❖ dán a chumadh – féach **Aonad 1 – Ceol**, agus an **Comórtas Cumadóireachta**. ❖ tionscnamh a dhéanamh ar Mo Cheantar – féach **Aonad 2 – Tíreolaíocht**.

Dúshlán breise – cuir isteach ar chomórtas Rith

- Scríobh scéal faoi Rith 2012. D'fhéadfadh fíorscéal nó ficsean a bheith i gceist.
- Cuir isteach ar **Chomórtas Scríbhneoireachta Rith 2012** chun duaiseanna aonair agus ranga a bhuachan. Tuilleadh eolais ar **www.rith.ie/comortais**. nó sa phacáiste seo.

Tuilleadh eolais agus acmhainní:

www.rith.ie	Tuilleadh eolais faoi Rith 2012, conas páirt a ghlacadh, comórtais srl.
www.seomraranga.ie	Luaschártaí agus fráschártaí aimsire.